



An Roinn Tithíochta, Pleanála,  
Pobail agus Rialtais Áitiúil  
Department of Housing, Planning,  
Community and Local Government



**An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil,  
Rannóg na nDeontas Tithíochta  
Oifigí an Rialtais  
Béal an Átha  
Co. Mhaigh Eo  
F26 E8N6**

**Teileafón: (096) 24200  
ÍOSGHLAO 1890-20-20-21**

**Uimh. Facs: (096) 24300**

**Meamram Míniúcháin H.A. 2 T**

**Deontas i leith Díon Tuí ar Theach a Réiteach nó a Dheisiú**

**LÉIGH AN MEAMRAM SEO GO CÚRAMACH SULA  
gCOMHLÍONTAR AN FHOIRM IARRATAIS SEO**

## Cuid A - Incháilitheacht

### 1. Coinníollacha Incháilitheachta

Féadfar deontas suas le €3,810 nó dhá thrú den chostas ceadaithe (cibé acu is lú) a íoc i leith obair riachtanach chun díon tuí ar theach a réiteach nó a dheisiú. Féadfar deontas níos airde (suas le €5,714) a íoc i leith tithe atá lonnaithe ar Oileáin ar leith. I gcás sealbhóirí Cárta Leighis, €6,350 an t-uasmhéid deontais a íocfar nó suas le 80% den chostas ceadaithe (€8,252 ar Oileáin). Tá sin faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:-

- (i) An teach:
    - (a) a bheith ar a laghad 10 mbliana d'aois,
    - (b) an struchtúr a bheith slán, agus,
    - (c) go mbeidh sé, ar an obair a thabhairt chun críche, ina ghnátháit chónaithe. [Níl tithe nach bhfuil cónaí iontu ach ar bhonn páirtaimseartha (m.sh. tithe saoire) incháilithe.]
  - (ii) Nach gcuirtear tús leis an obair go mbeidh cigireacht déanta ag cigire ón Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil ar an teach.
  - (iii) Go dtugtar faoin obair de réir dea-chleachtas tuíodóireachta, go dtugtar chun críche go sásúil í agus go dtugtar faoi aon obair eile a mheasfadh an Roinn a bheith riachtanach.
  - (iv) Go bhfuil costas na hoibre ceadaithe os cionn €952.
  - (v) Go gcuirfidh iarratasóir a uimhir/huimhir cáin ioncaim ar fáil agus go ndeimhneoidh sé/sí go bhfuil a ngnóthaí cánach in ord.
2. Ní féidir deontas a cheadú sa chás is gur híocadh deontas maidir le hobair réitithe nó deisithe ar dhíon faoin scéim seo nó faoi scéim de chuid Roinn na Gaeltachta mura bhfuil sé 7 mbliana ó híocadh an deontas deiridh.
  3. Ní cheadófar deontas chun díon tuí a chur ar theach nach raibh tuí air roimhe seo.

## Cuid B - Ginearálta

**D'fhonn aon mhoill a sheachaint, cinntigh le do thoil go bhfreagraítear go hiomlán gach ceist ar an bhfoirm iarratais. D'fhéadfaí foirmeacha iarratais nach bhfuil comhlánaithe go hiomlán a chur ar ais chuig iarratasóirí.**

#### 4. **Cén uair le hiarratas a dhéanamh**

Ní mór iarratas a dhéanamh in am lena chinntiú gur féidir tabhairt faoi chigireacht sula dtabharfar faoi aon obair. Níor chóir d'iarratasóirí tosú láithreach i ndiaidh na cigireachta. Fan go bhfaighidh tú scéala ar chinneadh maidir lena bhfuil tú incháilithe agus ar méid an deontais ina bhfuil tú ina theideal. **Sa chás is go dtosófaí ar an obair sula dtugtar faoi chigireacht, ní cheadófar deontas.**

#### 5. **Cá háit le hIarratas a Dhéanamh**

Ní mór foirmeacha iarratais comhlánaithe a chur ar aghaidh chuig Rannóg na nDeontas Tithíochta, An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Oifigí an Rialtais, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo.

#### 6. **Deontais a Íoc**

Eiseofar Deimhniú Ceadaithe i ndiaidh na chéad chigireachta má cháilíonn an obair don deontas. Nuair a bheidh an obair tugtha chun críche, ní mór an Deimhniú Ceadaithe a sheoladh ar ais chuig an Roinn agus é sínithe ag an iarratasóir agus ag an tuódóir a rinne an obair.

Ar an Deimhniú Ceadaithe sínithe a fháil, tabharfar faoi chigireacht agus ina dhiaidh sin íocfar an deontas ar choinníoll go bhfuil an obair ar fad a ceadáodh agus aon obair deisithe eile déanta go sásúil.

**Ní hionann íocaíocht ar dheontas is baránta ón Aire maidir leis an obair a rinneadh ná sláine struchtúrtha an tí.**

## NÓTA SPEISIALTA

1. Lucht ceirde a bhfuil taithí acu agus na scileanna chun ábhar tuíodóireachta a úsáid is ceart an obair a dhéanamh.
2. Tuí nó giolcach oiriúnach is ceart a úsáid.
3. Ní mór aon tuí atá lofa nó go dona a bhaint anuas agus gach poll domhain a dheisiú agus a chothromú.
4. Sa chás is go bhfuil an díon á réiteach ar fad, ba chóir an tuí nua a bheith 350mm ar tiubhas ar a laghad agus é a bheith leagtha ar bhonn slán agus láidir.
5. Ní mór mullaí, sceimhleacha, ciumhaiseanna a réiteach go cuí chun cosc a chur ar bhraon anuas.
6. Sa chás is go bhfuil tuí ag síneadh leis an simléir ba chóir ábhar fleasctha oiriúnach a chur ar fáil.
7. Ba chóir cosaint chuí a bheith ag an díon ó ionsaithe ó éin nó ó mhíolra.

Geallann Rannóg na nDeontas Tithíochta seirbhís ard-chaighdeán a thabhairt dár gcustaiméirí ar fad. Féachaimid le caighdeán na seirbhíse a fheabhsú agus líon na n-earráidí a choinneáil chomh híseal agus is féidir. Má bhíonn iarratasóir míshásta leis an leibhéal seirbhíse a fuarthas, is mian linn cloisteáil faoin bhfadhb anseo i nDeontais Tithíochta ionas gur féidir linn leanúint ag cur feabhas ar an tseirbhís. Ní mór gearáin a chur chuig an Oifigeach Seirbhís do Chustaiméirí i Rannóg na nDeontas Tithíochta, An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Oifigí an Rialtais, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo.